Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

| D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN Uimh. Thag. ________________ |
|---|
| Dáta a fuarthas an tIarratas |
| Deonaithe ☐ Diúltaithe ☐ |

# FOIRM IARRATAIS DO CHEAD BAINISTIÚ IMEACHTA CAITHEAMH AIMSIRE & TAITNEAMHACHT

**1.** **Ainm an Iarratasóra:** ________________________________________________

**2.** **Seoladh an teagmhálaí:**
________________________________________________
________________________________________________

**Uimh. Theil.:** ________________ **Uimhir Faics:** ______________ **Ríomhphost:**______________

**3.** **Ainm na hEagraíochta:** ________________________________________________

**4.** **An Cineál Eagraíochta:** **Carthanas:** ☐ **Tráchtáil:** ☐
**(Cuir tic sa bhosca cuí)** **Eile:** ☐ ______________________________
**(sonraigh aon ní eile)**

**5.** **An Cineál Imeachta:-** **Bailiú Airgid** ☐ **Spórt** ☐ **Lá Spraoi don Teaghlach** ☐ **Na hEalaíona & Cultúr** ☐ **Eile** ☐
(sonraigh más aon ní eile): ________________________________________________

**6.** **Tuairisc Ghairid ar ghníomhaíochtaí an imeachta atá beartaithe:**

________________________________________________

________________________________________________

**7.** **Gléasra & Trealamh atá beartaithe:** **Puball/Struchtúr** ☐ **Feithicle(feithiclí)** ☐**Trealamh Spóirt** ☐ **Eile** ☐
________________________________________ (sonraigh más aon ní eile)

**8.** **Suíomh an Imeachta atá Beartaithe:**________________________________________________

**9.** **(a) Dáta an Imeachta atá Beartaithe:**________________________________________________

**(b) An t-am atá an t-imeacht atá beartaithe le tosú agus le críochnú:** ______________________

**10.** **Riachtanais Speisialta:-** **Páirceáil** ☐ **Rochtain (eochracha)** ☐**Seirbhísí (BSL, Uisce)** ☐
**An mbeidh gá le hionadaí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar an láthair :-** **Beidh** ☐ **Ní bheidh** ☐

**11.** **An mbeidh gá le seirbhísí conraitheora (conraitheoirí) nó fochonraitheora (fochonraitheoirí):-** **Beidh** ☐ **Ní Bheidh** ☐

**12.** **Sonraigh na pearsanra ar an láthair le do thoil:-** **Fostóir (Eagraí/Rialtóir Imeachta** ☐

**Fostaithe** ☐**Oibrithe Deonacha** ☐ **Eile** ☐ ______________________ **(sonraigh le do thoil, más aon ní eile).**

**Síniú an Iarratasóra:** ____________________________ **Dáta:** _____________________________

Seicliosta do na Cáipéisí a bheidh ag teastáil leis an Iarratas ar Imeachtaí thuas:

- Árachas Dliteanas Poiblí ☐
- Árachas Dliteanais Fostóirí ☐
- Ráiteas Modha ☐
    - Clár den Bhainistiú Imeachta ☐
    - Ráiteas Sábháilteachta ☐
    - Measúnuithe Riosca ☐
    - Plean Bainistithe Tráchta agus Coisithe ☐

**Tabhair na Téarmaí agus na Coinníollacha go léir ar aird le do thoil sula seolfar an t-iarratas. Sula mbronnfar an cead ní mór do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith sásta go bhfuil na Téarmaí agus na Coinníollacha iomchuí go léir comhlíonta ag an Iarratasóir.**

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA DON CHEAD BAINISTIÚ IMEACHTA CAITHEAMH AIMSIRE & TAITNEAMHACHT**

**1.** Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlánú 4 seachtaine ar a laghad roimh dháta an imeachta.

**2.** D'fhéadfadh sé go mbeidh ar d'eagraíocht cloí le roinnt de na coinníollacha seo a leanas nó iad go léir.

1. **Árachas**
   a) Ní mór do d'eagraíocht Árachas Dliteanais Phoiblí (6.5 milliún Euro) a bheith acu agus slánaíocht shonrach in ainm **Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** a bheith acu.
   b) Má bhíonn tú ag fostú aon nduine (daoine) chun freastal ar an imeacht, ní mór duit Árachas Dliteanais Fostóirí (13.0 milliún Euro) a bheith agat agus slánaíocht shonrach a bheith agat in ainm **Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.** (Maidir le Coinníollacha Uimh. 1 & 2, ní mór don bheartas clásal Dlínse Dlí na hÉireann a bheith san áireamh agus na teorainneacha Críche na hÉireann a bheith san áireamh.)

2. **Dliteanas (Bannaí/Taisce)**
   a) Ní mór do d'eagraíocht gealltanas a thabhairt go gcoimeádfar Comhairle Cathrach na Gaillimhe slán ó aon seirbheáil, éileamh, imeachtaí, damáistí, costais a bhíonn mar thoradh ar an gcead.
   b) Éileofar go mbeadh **Bannaí/Taisce** íoctha 14 lá roimh ré. (Féach scála táillí le do thoil).
   c) Caithfidh d'eagraíocht geallúint a thabhairt glacadh le dliteanas do chostais athchóirithe sa chás go dtarlódh damáiste, thar agus os cionn figiúr na mBannaí/an Taisce.

3. **Measúnú Riosca/Sábháilteacht Dóiteáin**
   a) Éileoidh roinnt imeachtaí go gcuirfí Ráiteas Modha agus Measúnú Riosca ar fáil.
   b) Ní mór do d'eagraíocht geallúint a thabhairt go gcloífear le réamhchúraimí dóiteáin an Phríomh-Oifigigh Dóiteáin i ndáil le pubaill a úsáidtear mar Áiteanna d'Ionad Poiblí.

4. **Táille Láithreacha ar Cíos**
   a) Ní mór an táille láithreacha ar cíos (féach táillí) a bheith íoctha 14 lá sula dtosóidh an t-imeacht atá beartaithe.

5. **Comharthaí/Póstaeir**
   a) Ní ceadaítear billí/fógraí fógraíochta a chur in airde ar chuaillí Leictreachais ná Teileagraif, ar chomharthaí ná ar chuaillí tráchta, ar dhroichid ná ar bhosca piléir, ar bhallaí ná ar fhálta imlíneach, laistigh de cheantar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
   b) Ní mór gach comhartha treo sealadach a bheith comhaontaithe le hInnealtóirí na Comhairle Cathrach (Páirceanna), maidir le cineál, modh ceangailte agus láthair, ní mór iad a thógáil anuas laistigh de 7 lá ón léiriúchán deiridh.

6. **Páirceáil/Rialú Bruscair/Ag Idirchaidreamh le Rannóga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

3. Ní mór dul i dteagmháil le Maoirseoir Ceantair na Rannóige Páirceanna, i ndáil le gníomhaíocht ar an láthair, agus ní mór cloí le haon teorainneacha a luaitear leis, 7 lá roimh ré ar a laghad.

4. Ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seo 24 uair an chloig ar a laghad sula nglacann tú seilbh ar an láthair, chun go gcuirfear ar an eolas tú faoin am tosaithe agus idirchaidreamh le hInnealtóir na Comhairle Cathrach atá i gceannas ar Pháirceanna agus Pobail, Maoirseoir na Seirbhíse Maoire (091-536-517). Ní mór duit a dheimhniú freisin go lonnófar an t-imeacht ar an láthair, mar a shonraíonn an Maoirseoir Ceantair, agus sin a bheith comhaontaithe le hInnealtóir Páirceanna.

5. Caithfear socruithe maidir le páirceáil feithiclí a bheith comhaontaithe le hInnealtóir na Comhairle Cathrach (Páirceanna) (091 536551)

6. **Caithfidh an lucht eagraithe cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha mar a dréachtaíodh iad faoi Fodhlíthe um Thruailliú ó Bhruscair (Dáileadh Ábhar Fógraíochta), 2003 mar a moltar faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997. (*Féach Aguisín 1)***

***Moltar duit labhairt leis an Rannóg Comhshaoil chun an chomhairle chuí a fháil***

**SUÍOMH AGUS SCÁLA NA dTÁILLÍ DO CHEAD SPÁS OSCAILTE CAITHEAMH AIMSIRE & TAITNEAMHACHT**

| Lár na Cathrach | Iarthar na Cathrach | Oirthear na Cathrach |
|---|---|---|
| **An Fhaiche Mhóir (cosc ar thráchtáil, sampláil agus dáileadh táirgí ag an Fhaiche Mhór)**<br>An Póirse Caoch<br>An Pháircc Theas (Méadar Uisce)<br>Bóthar an Athar de Búrca<br>*The Plots* Barr an Chalaidh<br>Abhantrach an Chladaigh<br>Páirc Leanaí na Mílaoise<br>Páirc Bharr an Chalaidh<br>Páirc Foraoise Thír Oileáin<br>Páirc Toft | Bóthar na Trá<br>Bóthar na Ceapaí<br>Páirc Peile Westside<br>Trá na gCeann<br>An Charraig Dhubh<br>Tailte na Ceapaí | Páirc Mervue<br>Ceantar Glas Pháirc an Chaisleáin |

**(Tabhair ar aird le do thoil nach liosta críochnaitheach é seo agus go bhféadfadh feidhm a bheith le páirceanna/tránna/spásanna poiblí eile)**

## TÁILLÍ BANNAÍ TAISCÍ/TÁILLÍ LÁITHREACHA AR CÍOS

| **Táillí Bannaí Taisce** | |
|---|---|
| Nuair a úsáidtear puball/struchtúr sa Pháirc | €10,000 |
| Nuair a úsáidtear trucail nó feithiclí eile | €5,000 |
| Áit nach n-úsáidtear aon trealamh | €1,000 |

| **Táillí Láithreacha ar Cíos (Seachas Plaza na Faiche Móire)** | |
|---|---|
| 1-2 lá (nó cuid de) | €325 sa lá |
| 3ú lá ar aghaidh (nó cuid de) | €225 sa lá |
| **Plaza na Faiche Móire (Tá cosc ar lainseáil, promóisin nó gníomhaíochtaí tráchtála ad hoc)** | |
| Sa lá (nó cuid de) | €325 |

# AGUISÍN UIMH. 1

**COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE**

**GALWAY CITY COUNCIL**

**(ní tiontú oifigiúil an leagan seo a leanas)**

**FODHLÍTHE UM THRUAILLIÚ Ó BHRUSCAR (DÁILEADH ÁBHAR FÓGRAÍOCHTA), 2003**

**ARNA MHOLADH FAOIN**

**ACHT UM THRUAILLIÚ Ó BHRUSCAR, 1997**

**FODHLÍTHE UM THRUAILLIÚ Ó BHRUSCAR (DÁILEADH ÁBHAR FÓGRAÍOCHTA), 2003**

**Cuireadh Séala Oifigiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe anseo i láthair:**

__________________________________________
**Sínitheoir Ainmnithe**

Dáta _________ lá de ___________________ 20 ________

**1.** Sna Fodhlíthe seo ciallaíonn na focail a leanas an míniú atá sannaithe dóibh anseo faoi seach, mura luaitear a mhalairt go sonrach, is é sin le rá:

Ciallaíonn **"Ábhar Fógraíochta**" ábhar a bhaineann le táirge nó imeacht, agus go bhfuil sé i gceist an t-ábhar a dháileadh ar an bpobal, ach ní áirítear leis ábhar a shonraítear in Alt 21 (2) (b) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

ciallaíonn **"an Chomhairle"** an Méara Alderman agus Buirgéisigh Chontaebhuirge na Gaillimhe.

ciallíonn "Oifigeach Údaraithe" oifigeach den Chomhairle Cathrach nó duine eile a cheapann an Chomhairle Cathrach d'fhonn an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

2. "Tá cosc leis seo ar dháileadh ábhar fógraíochta don phobal d'fhonn tráchtála laistigh de cheantar riaracháin na Comhairle".

3. De réir Alt 41 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, sa chás go dtarlóidh sárú líomhnaithe ar fhodhlí Uimh. 2, féadfaidh oifigeach údaraithe, mar rogha ar chiontú don sárú, fógra pionóis sheasta a sheirbheáil ar an gciontóir, ina sonrófar íocaíocht sheasta den suim €200. Sa chás go ndéanfar an íocaíocht sin leis an gComhairle laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, ní ghlacfar aon ionchúiseamh i ndáil le sárú líomhnaithe an fhodhlí.

***Rialachán ar dháileadh ábhar fógraíochta*.**

**21.**—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, nuair a bhreithnítear sin a bheith riachtanach d'fhonn cruthú bruscair a chosc, trí fhodhlí cosc nó rialú a dhéanamh ar dháileadh ábhar fógraíochtaí don phobal nó catagóirí sonraithe den ábhar fógraíochta.

(2) Ní bheidh feidhm le fodhlí faoi *fho-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) dáileadh ábhar fógraíochta trí sheachadadh díreach chuig áit ag a bhfuil seoladh, nó

(*b*) dáileadh ábhar fógraíochta a bhaineann le toghchán uachtaráin laistigh den mhíniú den Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993, olltoghchán nó fothoghchán, laistigh den mhíniú, i ngach aon chás, den Acht Toghcháin, 1992, toghchán áitiúil laistigh den mhíniú den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, reifreann, laistigh den mhíniú d'Acht an Reifrinn, 1994, nó toghadh ionadaithe chuig Tionól na gComhphobal Eorpach.

(3) Déanfar fodhlí faoi *fho-alt (1)* de réir, agus forléireofar chun críocha a fheidhmithe amhail agus dá mbeadh sin déanta faoi, Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994.